



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2023
(OR. en)

9625/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0157(NLE)**

**UD 112
ENFOCUSTOM 59
ECOFIN 456
FISC 97
MI 435
COMER 60
TRANS 196**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Bealtaine 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 259 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a mhéid a bhaineann le cóireáil taraife shimplithe a thabhairt isteach le haghaidh ciandíolacháin earraí agus Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 a mhéid a bhaineann leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chustaim a dhíchur

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 259 final.

Faoi iamh: COM(2023) 259 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.5.2023
COM(2023) 259 final

2023/0157 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a mhéid a bhaineann le cóireáil taraife shimplithe a thabhairt isteach le haghaidh ciandíolacháin earraí agus Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 a mhéid a bhaineann leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chustaim a dhíchur

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

An tionscnamh seo, in éineacht leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais, Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 952/2013 ('athbhreithniú CCA')¹ agus an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha ('togra CBL')², is é atá ann cuid d'athchóiriú leathan cuimsitheach ar an Aontas Custaim a ghlac an Coimisiún inniu.

Tá an tAontas Custaim ar cheann de na nithe is luaithe atá bainte amach ag an Aontas agus tá sé bunriachtanach d'fheidhmiú cuí an mhargaidh aonair. Tá sé bunaithe ar Chomhtharaif Chustaim lena leagtar síos na rátaí dleachtanna custaim atá le cur i bhfeidhm ar allmhairí earraí ó lasmuigh den Aontas agus nósanna imeachta coiteanna d'earraí atá á dtabhairt isteach i gcóir chustaim an Aontais nó á nglacadh amach aisti. Eascraíonn dleachtanna custaim as beartais tráchtála agus trádála. In éineacht le dleachtanna eile i ndáil le trádáil le tríú tíortha, tagraítear dóibh mar Acmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT) arb é atá iontu 11 % de bhuiséad an Aontais le haghaidh 2022. Tá na Ballstáit freagrach as dleachtanna custaim a bhailiú, i gcomhréir leis na rialacha arna mbunú leis an Rialachán ón gComhairle lena gcuirtear an Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse chun feidhme³.

Le blianta beaga anuas, tá an t-athrú ar phatrúin trádála agus an méadú atá tagtha ar an ríomhthráchtáil ina dhúshlán mór faoi údarais chustaim. Sa lá atá inniu ann, baineann an ríomhthráchtáil le níos mó ná dhá oiread líon na n-idirbheart trádála traidisiúnta le haghaidh díreach 0.5 % den luach⁴. Mar gheall ar an líon ard idirbheart sin ar luach íseal, is deacair d'údarais chustaim maoirseacht chuí a dhéanamh ar na sreafaí trádála ar líne, agus is deacair ar oibreoirí oibleagáidí tuairiscithe iolracha in aghaidh an bheartáin a chomhlíonadh.

Maidir le beartáin dar luach suas le EUR 150 ar beartáin iad a sheoltar go díreach ó thríú tír chuig coinsíní san Aontas, baintear na dleachtanna custaim díobh⁵. Achtaíodh an díolúine ó dhleacht chustaim d'earraí íseal-luacha in 1983 agus méadaíodh í in 1991 agus in 2008. Go dtí an 1 Iúil 2021, bhí díolúine CBL ann freisin ar earraí allmhairithe ar luach diomaibhseach (ar lú ná EUR 22 an luach atá orthu). Bhí údar leis an dá dhíolúint mar gheall ar an ualach riaracháin díreireach a bhain le dearbhuithe custaim a láimhseáil chun dleachtanna custaim ísle agus CBL a ghearradh ar earraí íseal-luacha.

Mar sin féin, in 2017, nuair a glacadh an pacáiste maidir le CBL le haghaidh ríomhthráchtála, chomhaontaigh na Ballstáit deireadh a chur leis an díolúine CBL d'earraí allmhairithe íseal-luacha chun ioncam cánach na mBallstát a chosaint, chun cothrom iomaíochta a chruthú do na

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

³ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta CBL agus acmhainní bunaithe ar an ollioncam náisiúnta a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh (Athmhúnlú) (IO L 168, 7.6.2014, lch. 39).

⁴ Idir an 1 Eanáir 2022 agus an 31 Nollaig 2022, chomhdaigh 'trádálaithe traidisiúnta' breis agus 405 mhilliún dearbhú allmhairiúcháin ar luach EUR 2.907 billiún. I gcomparáid leis sin, taifeadh 1.1 billiún dearbhú custaim sárlaghdaíthe (ar leibhéal na n-ítimí) le haghaidh earraí dar luach suas le EUR 150, arbh é EUR 12.3 billiún a luach dearbhaithe iomlán. Is é sin meánluach ítime dhearbhaithe atá thart ar EUR 11.00.

⁵ Airteagal 23 den Rialachán um Fhaoiseamh ar Dhleacht (Rialachán 1186/2009 ón gComhairle (IO L 324, 10/12/2009, lch. 1).

gnólachtaí lena mbaineann agus chun an t-ualach orthu a íoslaghdú⁶. Foráiltear leis an Treoir freisin d'Ionad Ilfhreastail (IOSS) le haghaidh idirghabhálaithe ríomhthráchtála a dhíolann earraí ó thríú tíortha le tomhaltóirí Eorpacha, rud a fhágann gur féidir leo CBL ar allmhairí a bhailiú tráth an díola seachas é a bhailiú nuair a thagann na hearraí isteach i margadh an Aontais. Chun a sheiceáil ar gearradh CBL tráth an díola nó ar gá é a bhailiú ag an teorainn, ní mór gach beartán a dhearbhu do lucht custaim ar theacht isteach san Aontas dóibh. Dá réir sin, ó bhí mí Iúil 2021 ann, tá gach earra allmhairithe faoi réir CBL agus cumhdaithe ag dearbhu custaim digiteach, lena n-áirítear le haghaidh earraí a bhfuil luach suas le EUR 150 orthu agus nach bhfuil aon dleachtanna custaim dlite ina leith. De réir na meastóireachta a rinne an Coimisiún⁷ ar na rialacha CBL, d'éirigh go maith le deireadh a chur leis an díolúine ó CBL d'allmhairí íseal-luacha. Sna chéad 6 mhí, bhailigh na Ballstáit EUR 1.9 billiún in CBL agus tá sonraí maidir le hidirbhearta ríomhthráchtála ag na húdaráis chánach agus chustaim araon.

Mar gheall ar an difríocht idir cóireáil CBL agus cóireáil custaim earraí ríomhthráchtála, áfach, fághtar go mbíonn an-chastacht sa chóras do na páirtithe lena mbaineann. Mar seo a leanas atá an staid faoi láthair: Tá CBL infheidhme maidir le gach earra, agus tá dleachtanna custaim infheidhme maidir le hearraí ar mó a luach ná EUR 150; Bailítear agus dearbhaítear CBL tráth an díolacháin ag ardáin ar líne ach déantar é a sheiceáil nuair a dhearbhaíonn oibreoirí poist agus mearsheirbhíse na hearraí don lucht custaim.

Thairis sin, in ainneoin go dtuairiscítear gach beartán do lucht custaim ó bhí mí Iúil 2021 ann, is dúshlán fós d'údarais chustaim é comhlíonadh na gceanglas airgeadais a sheiceáil. Go háirithe, tríd an díolúine ó dhleacht chustaim le haghaidh earraí suas le EUR 150 a choinneáil ar bun, bhí an deis ann mí-úsáid chórasach a bhaint as an tairseach sin trí bhíthin tearcluacháil agus scoilteadh coinsíneachtaí. Tá fianaise ann go bhfuil mí-úsáid den sórt sin ann maidir leis an tairseach EUR 150 trí thearcluacháil agus scoilteadh coinsíneachtaí. Measadh i staidéar a rinne 'Copenhagen Economics' in 2016 go ndéantar tearcluacháil ar thart ar 65 % de na coinsíneachtaí ríomhthráchtála i dtéarmaí dleachtanna custaim⁸. Thairis sin, ina tuarascáil speisialta ar nósanna imeachta allmhairiúcháin⁹, tháinig Cúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE) ar an gconclúid nach bhfuil na córais imréitigh TF custaim atá ann faoi láthair in ann cosc a chur ar allmhairiú earraí nach bhfuil incháilithe don fhaoiseamh ó dhleacht chustaim, agus nach ndéantar é sin a chúiteamh le rialuithe *ex post* agus le pleananna imscrúdaithe¹⁰.

Dá bhrí sin, déantar an iomaíocht a shaobhadh. Tá an díolúine ó dhleacht i bhfabhar oibreoirí ríomhthráchtála tríú tíortha thar an trádáil thraidisiúnta agus miondíoltóirí an Aontais, a chaithfidh dleachtanna custaim a íoc agus iad ag iompórtáil i mbulc, agus spreagann sí bunú ionad dáileacháin ríomhthráchtála lasmuigh den Aontas.

Cuireann an togra seo leis an tuarascáil ón **nGrúpa Saoithe** maidir leis na Dúshláin atá roimh an Aontas Custaim¹¹. Mhol an Grúpa Saoithe, *inter alia*, deireadh a chur leis an tairseach

⁶ Treoir (AE) 2017/2455 ón gComhairle an 5 Nollaig 2017 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE agus Treoir 2009/132/CE a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí cánach breisluacha áirithe maidir le soláthairtí seirbhísí agus ciandíolachán earraí (IO L 348, 29.12.2017, lch. 7).

⁷ Féach an Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach ([SWD\(2022\) 393 final](#)).

⁸ Copenhagen Economics (2016), Allmhairí ríomhthráchtála chuig an Eoraip: Cóireáil CBL agus Custaim.

⁹ [Tuarascáil Speisialta CIE Uimh. 19/2017 Nósanna Imeachta Allmhairiúcháin: bíonn tionchar ag easnaimh sa chreat dlíthiúil agus ag cur chun feidhme neamhéifeachtach ar leasanna airgeadais an Aontais](#)

¹⁰ Tuarascáil Speisialta CIE 12/2019, pointí 81-88.

¹¹ Bhí an [Grúpa Saoithe maidir leis na Dúshláin atá roimh an Aontas Custaim](#) comhdhéanta de 12 chomhalta ardphróifíle a bhfuil taithí acu, san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach, ar chúrsaí custaim, ar ríomhthráchtáil, ar bhainistiú riosca, ar an slabhra soláthair idirnáisiúnta, ar reachtaíocht an mhargaidh inmheánaigh

chustaim EUR 150 le haghaidh ríomhthráchtála toisc, trí bhrú a chur ar onnmhaiseoirí chuig an Aontas coinsíneachtaí a roinnt ina bpacáistí níos lú, go soláthraítear leis an tairseach sin na dreasachtaí míchearta i dtéarmaí trádála (iomaíocht éagórach) agus inbhuanaitheacht chomhshaoil (lorg astaíochtaí níos airde).

Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sonrach a bhaineann le hearraí ríomhthráchtála, comhlánaíonn an togra seo an togra maidir le hathbhreithniú CCA a ghlac an Coimisiún inniu trí: 1) deireadh a chur leis an bhfaoiseamh ó dhleacht le haghaidh allmhairiú earraí nach mó a luach ná EUR 150; agus 2) cóireáil taraife shimplithe a thabhairt isteach d'earraí a allmhairítear faoi idirbheart gnólacht le tomhaltóir a cháilíonn mar chiandíolacháin chun críocha CBL. Leis an togra maidir leis an athbhreithniú ar Chód Custaim an Aontais, déantar foráil maidir le a thuilleadh simplithe i ndáil le rangú taraife, luach custaim agus tionscnamh chun an dleacht chustaim le haghaidh earraí a allmhairítear faoi chiandíolacháin a chinneadh. Tá an chóireáil taraife shimplithe le cur i bhfeidhm ar bhonn deonach ag an allmhaireoir (measta). Dá bhrí sin, más mian leis an allmhaireoir (measta) tairbhe a bhaint as rátaí taraife fabhracha trí stádas tionscnaimh na n-earraí a chruthú nó ó rátaí dleachta uathrialacha traidisiúnta nó is infheidhme, is féidir leis an duine sin é sin a dhéanamh trí na nósanna imeachta caighdeánacha a chur i bhfeidhm.

Tá coinne leis go ndéanfaidh an t-éascú atá beartaithe i ríomh na dleachta custaim an tionchar a bheadh ag baint na tairisí faoisimh ó dhleacht ar ualach riaracháin na n-údarás custaim agus na ngnólachtaí a fhritháireamh agus go simpleoidh sé próisis agus nósanna imeachta d'oibreoirí.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach le Plean Gníomhaíochta Custaim 2022¹² agus déanann sé obair leantach air sna cásanna inar shainithin an Coimisiún roinnt gníomhaíochtaí chun an tAontas Custaim a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile. Dhírigh na gníomhaíochtaí ar cheithre phríomhréimse idirghabhála: bainistiú riosca, ríomhthráchtáil, comhlíonadh, agus an tAontas Custaim ag gníomhú dóibh in éindí. Go háirithe, faoi ghníomh 9, d'fhéach an Coimisiún le scrúdú a dhéanamh ar éifeachtaí na ríomhthráchtála ar bhailiú dleachtanna custaim agus ar chothrom iomaíochta d'oibreoirí an Aontais, lena n-áirítear socruithe a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bailiú dleachtanna custaim atá ag teacht leis an gcur chuige nua bailithe CBL faoin Ionad Ilfhreastail Allmhairiúcháin ('IOSS').

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tionscnamh seo comhsheasmhach leis an togra CBL sa Ré Dhigiteach (ViDA)¹³, togra a ghlac an Coimisiún an 8 Nollaig 2022 agus atá á phlé faoi láthair sa Chomhairle. Is é is aidhm do thogra ViDA córas CBL an Aontais a nuachóiriú agus a chur in oiriúint don ré dhigiteach. Is pacáiste fairsing ilghnéitheach athchóirithe é a bhfuil trí phríomhaidhm phríomha aige, agus is é ceann de na príomhaidhmeanna sin feabhas a chur ar an gcoincheap maidir le clárú aonair CBL (SVR) san Aontas. Is é is aidhm don choincheap maidir le clárú aonair CBL (SVR) san

TF agus anailísíochta sonraí agus ar an dlí trádála idirnáisiúnta. Reáchtáil an grúpa, faoi stiúir Arancha González Laya, iar-Aire Gnóthaí Eachtracha, an tAontas Eorpach agus Comhar na Spáinne, éisteachtaí le 48 [n-idirghabhálai](#) agus [comhairliúcháin oscailte](#). Foilsíodh an [tuarascáil](#) an 30 Márta 2022.

¹² Communication from the Commission to the European Parliament, the Council and the European Economic and Social Committee - Taking the Customs Union to the Next Level [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An tAontas Custaim á Thabhairt go dtí an Chéad Leibhéal eile]: Plean i gcomhair Gníomhaíochta an Bhruiséil 28.9.2020, ([customs-action-plan-2020_en.pdf \(europa.eu\)](#)).

¹³ COM(2022) 701, 703, 704.

Aontas bearta a thabhairt isteach chun na cásanna ina gcaithfidh duine inchánach clárú le haghaidh CBL i níos mó ná Ballstát amháin a laghdú a thuilleadh.

Sa bhreis ar an togra ViDA, is é an tríú gné de phacáiste athchóirithe an Aontais Custaim togra chun an Treoir CBL¹⁴ a leasú d'fhonn deireadh a chur leis an tairseach EUR 150 chun críche dliteanas na ndaoine inchánach lena n-éascaítear ciandíolacháin earraí agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhu agus a íoc. Trí dheireadh a chur leis an tairseach EUR 150 le haghaidh díolúine ó dhleachtanna custaim i gcomhar le baint na tairisí EUR 150 le haghaidh úsáid IOSS, ba cheart go gcuideofaí le cásanna tearcluacháilcháin a mhaolú, agus ioncam na mBallstát a chosaint ar an gcaoi sin.

Tacaíonn an tionscnamh le straitéis fais inbhuanaithe an Aontais¹⁵ ina dtagraítear do bhailiú cánach níos fearr, laghdú ar chálaois, seachaint agus imghabháil cánach agus don laghdú ar chostais chomhlíontachta do ghnó, do dhaoine aonair, agus do riaracháin chánach. Cuid de chlár oibre inbhuanaitheachta iomaíoch an Aontais freisin is ea córais chánach a fheabhsú ionas go mbeidh gníomhaíocht eacnamaíoch níos inbhuanaithe agus níos cothroime ann.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Leasaítear leis an Rialachán seo Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim agus Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim.

Tá an dá leasú bunaithe ar Airteagal 31 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Foráiltear leis an Airteagal sin gurb í an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, a shocróidh dleachtanna na Comhtharaife Custaim.

• Comhréireacht

Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a chomhlíonadh, go háirithe feidhmiú rianúil an aontais custaim agus an mhargaidh aonair.

Áirithítear comhréireacht ós rud é go gcuireann an tionscnamh seo deireadh leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chun coinsíneachtaí íseal-luacha a allmhairiú isteach san Aontas agus go gcuireann sé cur chuige níos éifeachtaí agus níos simplí chun cinn maidir le dleachtanna custaim a bhailiú i ndáil le hearraí a allmhairítear faoi chiandíolacháin.

• An rogha ionstraime

Ceanglaítear leis an togra seo leasú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim (an 'Rialachán um Fhaoiseamh ar Dhleacht') agus Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87

¹⁴ Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann leis na forálacha maidir le cáin bheislúacha a bhaineann le daoine inchánach a éascaíonn ciandíolacháin earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhu agus a íoc

¹⁵ Samhlaítear tacar leathan athchóirithe le pleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát arb é is aidhm dóibh an timpeallacht ghnó a fheabhsú agus díriú ar theicneolaíochtaí digiteacha agus glasa a ghlacadh. Comhlánaítear na hathchóirithe sin le hiarrachtaí tábhachtacha chun riaracháin chánach a dhigitiú mar earnáil straitéiseach den riarachán poiblí. (An Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2022 (COM(2021) 740 final)).

ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (an ‘Chomhtharaif Chustaim’).

3. TORTHÁÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní dhearna an Coimisiún meastóireacht *ex-post* ar Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle ná ar Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle.

Mar sin féin, tá torthaí na meastóireachta *ex post* ar an bpacáiste maidir le CBL le haghaidh ríomhthráchtála ábhartha don togra seo toisc go dtugann siad forléargas ar mhéideanna agus ar luach na n-allmhairí coinsíneachta íseal-luacha isteach san Aontas. Bhí na sonraí sin go hiomlán dofheicthe ar leibhéal an Aontais sular tháinig an pacáiste maidir le CBL le haghaidh ríomhthráchtála i bhfeidhm an 1 Iúil 2021, toisc gur scaoileadh formhór na mbeartán ar mhargadh an Aontais gan foirmiúlachtaí custaim. Mar sin féin, ós rud é gur chuir an pacáiste maidir le CBL le haghaidh ríomhthráchtála deireadh leis an díolúine ó CBL ar allmhairí le haghaidh na n-earraí ar lú ná EUR 22 an luach atá orthu, bhí gá leis an gceanglas maidir le dearbhú foirmiúil custaim a thabhairt isteach maidir le gach earra allmhairithe ón dáta sin ar aghaidh chun comhlíonadh oibleagáidí iocaíochta CBL a áirithiú.

Rinne an Coimisiún meastóireacht *ex- post* ar na chéad 6 mhí de chur i bhfeidhm an phacáiste maidir le CBL le haghaidh ríomhthráchtála. Tá na torthaí tosaigh an- dearfach agus is léir leo go bhfuil ag éirí go maith leis na bearta nua. Ó thaobh na n-allmhairí de, léirítear sna chéad torthaí gur bailíodh thart ar EUR 2 bhilliún de CBL sna chéad 6 mhí go sonrach i ndáil le hallmhairí de choinsíneachtaí íseal-luacha nár mhó ná EUR 150 a luach intreach. As an EUR 2 bhilliún de CBL a bailíodh i ndáil le hallmhairí d’earraí ar luach íseal sna chéad 6 mhí, bailíodh beagnach EUR 1.1 billiún tríd an Ionad Ilfhreastail Allmhairiúcháin.

Cuidíodh freisin le calaois CBL a chomhrac nuair a cuireadh an pacáiste chun feidhme. Léirítear in anailís ar shonraí custaim gur tháinig thart ar 91 % de na hidirbhearta uile a dearbhaíodh le haghaidh allmhairithe isteach san Aontas trí IOSS ó na 8 dtrádálaí is mó a bhí cláraithe le IOSS. Is staidreamh an-spreagúil é seo mar go léiríonn sé an tionchar a bhí ag an bhforáil ‘measa’ nua le haghaidh margaí i dtaca le comhlíonadh, sa mhéid gur leordhóthanach an obair leantach agus an t-iniúchadh a rinneadh ar an líon an-teoranta sin daoine inchánach chun a áirithiú go mbaileofar CBL ar an gcineál sin idirbhirt.

I bhfianaise rath an phacáiste maidir le CBL le haghaidh ríomhthráchtála, tugtar isteach leis an togra le haghaidh Athchóiriú an Aontais Custaim dliteanais shoiléire d’idirghabhálaithe ríomhthráchtála mar ‘allmhaireoirí measta’ maidir leis na táirgí a allmhairítear ó thríú tíortha agus a dhíolann siad le tomhaltóirí san Aontas. Beidh allmhaireoirí measta den sórt sin faoi dhliteanas as dleachtanna allmhairithe ar na hearraí sin a bhailiú agus a íoc de réir phrionsabail an Ionaid Ilfhreastail Allmhairithe CBL. Mar thoradh air sin, beidh an iarracht chomhlíonta dírithe níos mó fós ar líon i bhfad níos lú gníomhaithe móra sa mhargadh, arb atá iontu formhór na gciandíolachán earraí allmhairithe isteach san Aontas.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Lorgaíodh ionchur ó pháirtithe leasmhara maidir le hábhar an tionscnaimh seo i gcomhthéacs an staidéir ar ‘Athchóiriú comhtháite agus nuálach ar rialacha an Aontais lena rialaítear

idirbhearta ríomhthráchtála ó thríú tíortha ó thaobh custaim agus cánachais de' a chuir conraitheoir seachtrach ar fáil¹⁶. Bhí an comhairliúchán ar siúl ón 16 Nollaig 2021 go dtí an 10 Márta 2021 agus bailíodh 69 bhfreagra san iomlán¹⁷. Chuir oibreoirí eacnamaíocha (gnólachtaí agus eagraíochtaí gnó in éineacht le chéile) an chuid is mó den ionchur ar fáil (33 fhreagra) agus tomhaltóirí (ar an iomlán 26 fhreagra agus ionchur breise ó chomhlachas cosanta tomhaltóirí). Ina theannta sin, thug 19 mBallstát freagra ar an gceistneoir spriocdhírthe.

Léiríodh sa toradh go dtacódh thart ar 65 % de fhreagróirí gnó (lena n-áirítear ardáin ríomhthráchtála) le baint na tairisí custaim *de minimis* ar bhonn teoranta ar a laghad, cé nach léiríonn tuairim údarais chustaim na mBallstát tosaíocht shoiléir idir an tairseach EUR 150 a bhaint nó a mhéadú ina bhfreagraí ar an gceistneoir (agus 44 % de na freagróirí ag tacú le baint na tairisí go méid teoranta, ar a laghad, agus gurbh fhearr le 43 % an méadú ar an tairseach ar bhealach teoranta ar a laghad). Níor smaoinigh siad, áfach, ar an tairseach a ísliú mar rogha inmharthana (57 % de na freagraí a thug le fios nár cheart é a mheas ar chor ar bith mar rogha).

Chomh maith leis an aiseolas thuas faoin gcomhairliúchán poiblí, eagraíodh réimse gníomhaíochtaí comhairliúcháin spriocdhírthe le linn na hoibre ar an measúnú tionchair ar athchóiriú an Aontais Custaim chun tuairimí páirtithe leasmhara saineolaithe a bhailiú. Áiríodh leis sin plé i gcomhthéacs na Meithle Machnaimh, atá comhdhéanta d'ardstiúrthóirí riaracháin custaim na mBallstát agus faoi stiúir an Choimisiúin agus Ghrúpa Teagmhála na Trádála, arb é an príomhfhóram é chun dul i gcomhairle le gnólachtaí ar leibhéal an Aontais maidir le saincheistanna a bhaineann le custaim a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus maidir le forbairtí i mbeartas custaim.

• **Bailiú agus úsáid saineolais**

Agus an tionscnamh seo á ullmhú, chuir an Coimisiún san áireamh an anailís a rinneadh sa staidéar thuasluaite a rinne conraitheoir seachtrach. Tá sé seo nasctha le gníomhaíocht 9 den Phlean Gníomhaíochta Custaim inar fhéach an Coimisiún le scrúdú a dhéanamh ar éifeachtaí na ríomhthráchtála ar bhailiú dleachtanna custaim agus ar chothrom iomaíochta d'oibreoirí an Aontais, lena n-áirítear socruithe a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bailiú dleachtanna custaim atá ag teacht leis an gcur chuige nua bailithe CBL faoin Ionad Ilfhreastail Allmhairiúcháin ('IOSS'). Rinneadh measúnú sa staidéar ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an tairseach faoisimh dleachta EUR 150 a athrú trí scrúdú a dhéanamh ar thrí rogha éagsúla agus iad a chur i gcomparáid le chéile: 1) deireadh a chur leis an tairseach faoisimh ó dhleacht; 2) an tairseach sin a mhéadú go EUR 1,000; 3) an tairseach sin a laghdú go EUR 22. Thángthas ar an gconclúid sa staidéar go mbeadh an méadú ioncaim is mó ann dá mbainfí an tairseach EUR 150 sin, agus go mbeadh cothrom iomaíochta ann a mhéid is féidir idir díoltóirí eachtracha agus an margadh intíre dá bharr. Chuirfeadh sé deireadh freisin le calaois nó imghabháil íocaíochta dleachta custaim mar thoradh ar dheighilt na gcoinsíneachtaí agus laghdófaí an dreasacht chun tearcluacháil a dhéanamh. Dá bhrí sin, ba é an chonclúid ar thángthas uirthi gurb as an tairseach custaim *de minimis* a bhaint a thiocfadh an líon is mó buntáistí.

¹⁶ Tá an mheastóireacht ar an dara leagan den tuarascáil deiridh fós ar siúl tráth an togra.

¹⁷ B'éigean neamhaird a thabhairt ar 5 fhreagra san iomlán (as 69 bhfreagra) ó thaobh anailís a dhéanamh ar an gceistneoir. Chuir údarás custaim Ballstáit ceann amháin ar fáil agus cuireadh an freagra sin san áireamh sa mheasúnú ar shuirbhé na n-údarás náisiúnta. Cuireadh 4 fhreagra eile ar fáil gan aon ábhar fíorasach agus, dá bhrí sin, níor breithníodh iad le haghaidh na hanailíse.

Ina theannta sin, chuir an Coimisiún leis an anailís a rinne conraitheoir seachtrach eile don staidéar ‘CBL sa Ré Dhigiteach’. Leis an staidéar sin cuireadh ionchur ar fáil freisin i leith an togra chun Treoir 2006/112/CE a leasú chun rialú an tsoláthróra mheasta, IOSS agus socrúithe speisialta a leathnú chun allmhairí ar mó ná EUR 150 an luach atá orthu agus atá mar chuid den phacáiste reatha maidir le hathchóiriú an Aontais Chustaim a chumhdach.

Bhí sé d’aidhm ag an staidéar meastóireacht a dhéanamh ar dtús ar an staid reatha i dtaca leis na ceanglais maidir le tuairisciú digiteach, cóireáil CBL an gheilleagair ardáin, agus clárú aonair CBL agus Ionad Ilfhreastail Allmhairiúcháin. Ar an dara dul síos, measúnú a dhéanamh ar thionchair roinnt tionscnamh beartas féideartha sna réimsí sin. Rinneadh scrúdú sonrach sa staidéar sin ar an rogha deireadh a chur leis an tairseach EUR 150 a bhfuil feidhm aici maidir le IOSS. Tugadh faoi deara sa staidéar go mbaineann ciandíolacháin earraí allmhairithe ar mó ná EUR 150 an luach atá orthu agus ciandíolacháin earraí atá faoi réir dleachtanna máil le thart ar 10-20 % de luach iomlán na n-allmhairí ciandíola ríomhthráchtála isteach san Aontas.

• **Measúnú tionchair**

Scrúdaíodh an t-athchóiriú ar na rialacha custaim maidir le ríomhthráchtáil i gcomhthéacs an mheasúnaithe tionchair ar athchóiriú an Aontais Chustaim, a bhfuil an togra seo ina chuid de¹⁸. Tar éis tuairim dhiúltach a eisíodh an 28 Deireadh Fómhair 2022, d’eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach maidir leis an measúnú tionchair a thacaíonn le pacáiste athchóirithe an Aontais Custaim an 27 Eanáir 2023. Mhol an Bord go gcuirfí níos mó sonraí leis, i measc nithe eile, maidir leis an gcaoi ar sainaithníodh na roghanna maidir le ríomhthráchtáil, go háirithe maidir leis an réasúnaíocht chun an díolúine EUR 150 a bhaint agus maidir le ‘hallmhaireoirí measta’ a dhéanamh de na hardáin leictreonacha agus míniú níos mó a thabhairt ar ‘córas buicéadaithe’ a thabhairt isteach chun dleachtanna a ríomh, go háirithe maidir leis an raon roghanna beartais atá ar fáil don Choimisiún. Leasaíodh an measúnú tionchair dá réir sin.

Sainaithníodh sa mheasúnú tionchair cúig phríomhréimse fadhbanna as ar eascair easnaimh agus leochaileachtaí i bhfeidhmiú an aontais chustaim agus rinneadh anailís ar roinnt roghanna beartais chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin.

Ceann díobh sin is ea an méadú atá tagtha ar an ríomhthráchtáil agus na hathruithe gaolmhara ar phatrúin trádála (idir earraí a thugtar isteach san Aontas go traidisiúnta trí lastas agus na milliúin coinsíneachtaí beaga a sheoltar go díreach chuig tomhaltóirí aonair), rud a thug dúshlán nua do lucht custaim. Níl na húdaráis custaim sásta déileáil leis an méadú ar mhéideanna na n-earraí agus na ndearbhuithe. D’ainneoin na n-athruithe a tugadh isteach leis an bpacáiste maidir le CBL le haghaidh ríomhthráchtála agus a bhí infheidhme ó bhí an 1 Iúil 2021 ann, agus arbh é ab aidhm dóibh dul i ngleic le calaois CBL is gné dhílis de mhí-úsáid na díolúine ó CBL ag staid an allmhairithe, tá roinnt fadhbanna fós ann, agus mar sin tá tearcluacháil i gceist, go háirithe trí choinsíneachtaí a dheighilt chun íocaíocht dleachta allmhairiúcháin a sheachaint.

Dá bhrí sin, agus anailís á déanamh ar a mhéid is gá na próisis ríomhthráchtála a mhodhnú, cuireadh i leataobh na roghanna chun an díolúine ó dhleacht chustaim EUR 150 a laghdú nó a mhéadú. Ba é an chúis a bhí leis sin nach bhfuil aon cheann de na fadhbanna a sainaithníodh (saobhadh iomaíochta, castacht, éiginnteacht, deacracht maidir le rialú agus calaois) nasctha leis an méid atá díolmhaithe ach leis an díolúine a bheith ann sa chéad dul síos. Cuireadh i leataobh freisin an fhéidearthacht go ndéanfaidh tomhaltóirí na hearraí a cheannaíonn siad ar

¹⁸ Doiciméad Inmheánach Oibre (2023)140.

líne a dhearbhu do lucht custaim, toisc go meastar go bhfuil sé ródhian dóibh agus gurb iad na hidirghabhálaithe ríomhthráchtála a chuireann na hearraí earraí ar mhargadh an Aontais, ní na tomhaltóirí.

De réir an mheasúnaithe tionchair, meastar go gcosnaíonn dleachtanna custaim breise ar thrácht ríomhthráchtála thart ar EUR 13 bhilliún thar 15 bliana. Leis an bhfaisnéis fheabhsaithe ó oibreoirí eacnamaíocha faoi na próisis nua, lárú na sonraí i Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus ról oibríochtúil Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, d'fhéadfaí cosc suntasach a chur ar ioncain chaillte a eascraíonn as cleachtais chalaioiseacha amhail tearcluacháil nó mí-aicmiú na n-earraí ('bearna custaim a dhúnadh').

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Is cuid den athchóiriú ar an Aontas Custaim é an togra seo, arb é a tá ann tionscnamh REFIT chun próisis custaim a shimpliú trí idirghníomhaíocht níos fearr idir oibreoirí custaim agus oibreoirí eacnamaíocha trí dhíriú ar oibreoirí agus ar shlabhraí soláthair in ionad idirbhearta aonair nach mór dóibh foirmiúlachtaí éagsúla a chomhlíonadh mar atá sa lá atá inniu ann. Gnólachtaí (lena n-áirítear ardáin ríomhthráchtála) a thairgeann infheictheacht chustaim thar a slabhraí soláthair, beidh nósanna imeachta níos simplí agus níos tapúla acu, trí rochtain a thabhairt do lucht custaim ar a sonraí tráchtála. Táthar ag súil go laghdófar an rómhaorlathas agus go simpleofar próisis agus nósanna imeachta d'oibreoirí mar thoradh ar shimpliú agus lárú feidhmeanna ar leibhéil éagsúla.

Meastar go ndéanfar an méadú féideartha ar an ualach riaracháin a bhaineann le deireadh a chur leis an tairseach faoisimh ó dhleacht atá beartaithe a fhritháireamh leis an gcóireáil taraife shimplithe tríd an gcóras buicéadaithe cúig leibhéal. Mar sin féin, ba cheart an méadú sin a theorannú, mar, ón 1 Iúil 2021, tá dearbhú custaim leictreonach ag teastáil cheana féin le haghaidh na n-earraí uile a allmhairítear isteach san Aontas. Dá bhrí sin, leis an gcóireáil taraife shimplithe arna comhlánú le héascú breise ar luacháil agus ar thionscnamh custaim a mholtar mar chuid den athbhreithniú CCA, simpleofar cinneadh na dleachta custaim le haghaidh earraí ríomhthráchtála agus laghdófar an t-ualach riaracháin ar údaráis custaim agus ar oibreoirí eacnamaíocha araon.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Meastar go méadóidh an togra seo ioncam ó dhleacht chustaim ag thart ar EUR 13 bhilliún i gceann 15 bliana do bhuiséid an Aontais agus do bhuiséid náisiúnta na mBallstát toisc go gcuirfidh sé deireadh leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chustaim chun coinsíneachtaí íseal-luacha a allmhairiú. Ina theannta sin, meastar go laghdóidh sé an dreasacht chun tearcluacháil a dhéanamh agus go ndíothófar an dreasacht coinsíneachtaí a dheighilt go saorga ionas go mbainfidh siad tairbhe mhíchuí as an bhfaoiseamh ó dhleacht. Le tabhairt isteach an mhodha shimplithe bailithe dleachtanna custaim, maolófar an t-ualach riaracháin ar údaráis chustaim agus ar oibreoirí ríomhthráchtála. Ag tógáil ar phrionsabail agus ar shásraí an Ionad Ilfhreastail Allmhairiúcháin CBL, siopaí gréasáin ríomhthráchtála agus ardáin, beidh siad in ann dleachtanna custaim a bhailiú de bhreis ar CBL. Méadóidh sé sin trédhearcacht na bpraghsanna toisc go gcumhdóidh an praghas díolacháin deiridh ag staid na híocaíochta na costais bhreise uile suas go dtí an ceann scríbe do na tomhaltóirí.

Earraí atá faoi réir dhleachtanna comhchuibhithe máil an Aontais, eisiatar iad ón gcóireáil taraife shimplithe. Earraí atá faoi réir bearta beartais tráchtála, amhail an fhrithdhumpáil, dleachtanna frith-fhóirdheontais nó bearta cosanta, ní mór iad sin a eisiáil freisin.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Pléifidh an Coiste um an gCód Custaim ('CCC') agus an Sainghrúpa Custaim ('CEG'), comhlachtaí comhairleacha maidir le saincheisteanna custaim a bhfuil ionadaithe ó na Ballstáit uile rannpháirteach iontu agus a bhfuil oifigigh an Choimisiúin ó Ard- Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim (AS an Chánachais agus an Aontais Chustaim) ina gcathaoirleach orthu, déanfaidh siad saincheisteanna léirmhínte a d'fhéadfadh a bheith ann idir na Ballstáit maidir leis an reachtaíocht nua a phlé agus a shoiléiriú.

Ina theannta sin, déanfar faireachán agus meastóireacht ar na rialacha custaim nua maidir leis an ríomhthráchtáil i gcomhthéacs an chreata faireacháin agus meastóireachta níos leithne dá bhforáiltear sa togra maidir le hathbhreithniú CCA ón gCoimisiún.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh i réimse na n-earraí ríomhthráchtála a thagann ó thríú tíortha, tá dhá phríomhghné sa togra seo. Is é an chéad ghné an faoiseamh ó dhleacht chustaim le haghaidh earraí a bhaint suas le luach EUR 150. Bhainfí an méid sin amach trí Chaibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 a scriosadh.

Is modh ríofa dleachta simplithe é an dara gné atá bunaithe ar chúig bhuicéad éagsúla (gach ceann acu a bhfuil ráta dleachta difriúil aige) arb é is aidhm dó an t-ualach riaracháin a eascraíonn as ríomh na rátaí dleachta is infheidhme maidir le hearraí ríomhthráchtála do chustaim agus do ghnólachtaí araon a laghdú.

Tá coincheap an chórais ráta dleachta simplithe, an 'córas buicéadaithe dleachta' mar a thugtar air, bunaithe ar shamhail Cheanada atá i bhfeidhm ó bhí 2012 ann maidir le hearraí atá ceaptha don úsáid phríobháideach (earraí gnólacht le tomhaltóir nó tomhaltóir le tomhaltóir) lena ngabhann luach suas le CAD 500 (thart ar EUR 340)⁽¹⁹⁾. De réir an chur chuige, tá líon teoranta 'buicéid dualgais' ann agus áirítear i ngach ceann acu catagóirí earraí a bhfuil ráta dleachta seasta acu atá sonraithe go soiléir. Laistigh den chóras buicéadaithe, d'fhéadfadh na rátaí dleachta is infheidhme maidir le táirgí aonair a bheith beagán níos airde i gcomparáid leis an ráta is infheidhme bunaithe ar an gcód tráchtearraí iomlán.

Déantar foráil sa togra maidir le cúig bhuicéad lena ngabhann rátaí dleachta *ad valorem* 0 % faoi seach (e.g. i gcás leabhar, ábhar clóite, saothar ealaíne) 5 % (e.g. i gcás bréagán, uirlisí ceoil, sceanna miotail), 8 % (e.g. le haghaidh táirgí síoda agus cadáis, táirgí ceirmeacha, earraí fótagrafacha), 12 % (e.g. le haghaidh earraí leathair, málaí taistil) agus 17 % (e.g. le haghaidh coisbhirt, earraí gloine) agus tagraíonn sé d'earraí a shainaithnítear bunaithe ar Chaibidlí an Chórais Chomhchuibhithe. Mar sin féin, beidh ar na hoibreoírí eacnamaíocha códuimhir 6 dhigit an Chórais Chomhchuibhithe a chur in iúl, uimhir atá fós ina ceanglas sa réamhfhaisnéis lasta faoin togra reachtach maidir le hathbhreithniú CCA. Earraí lena ngabhann ráta dleachta 0 % *erga omnes* faoi láthair, leanfaidh rátaí nialasacha de bheith i bhfeidhm ina leith.

¹⁹ [Beartas Cheanada um Loingsithe Íseal-luacha maidir le Cur i bhFeidhm Dleachtanna Custaim](#), Meitheal EDT um Micrifhiontair, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, Meán Fómhair 2021.

Earraí atá faoi réir dleachtanna máil comhchuibhithe chomh maith le hearraí atá faoi réir bearta frithdhumpála, frith-fhóirdheontais nó cosanta, eisiatar iad ón gcur chuige simplithe maidir le bailiú dleachtanna.

Na rátaí dleachta coinbhinsiúnach atá ann cheana, tá siad mar thagairt sa chóras buicéadaithe agus ní chuirtear stádas tionscnaimh na n-earraí san áireamh. Más mian leis an oibreoir eacnamaíoch tairbhe a bhaint as rátaí taraife fabhracha trí stádas tionscnaimh na n-earraí a chruthú, is féidir leis an duine sin é sin a dhéanamh trí na nósanna imeachta caighdeánacha a chur i bhfeidhm. Ar an gcaoi chéanna, más mian leis an oibreoir eacnamaíoch leas a bhaint as rátaí dleachta uathrialacha traidisiúnta nó infheidhme, is féidir leis an allmhaireoir sin é sin a dhéanamh trí na nósanna imeachta caighdeánacha a chur i bhfeidhm. An faoiseamh ó dhleacht i leith allmhairiú earraí lena ngabhann luach iomlán suas le EUR 150 in aghaidh na coinsíneachta, déanfar an faoiseamh a dhíchur ón 1 Márta 2028 ar aghaidh. Ón dáta sin ar aghaidh, féadfaidh allmhaireoirí a roghnú go n-úsáidfear an chóireáil taraife shimplithe chun an dleacht chustaim atá dlite ar na hearraí ríomhthráchtála allmhairiúcháin a ríomh agus tosóidh allmhaireoirí measta ag soláthar faisnéise do Mhol Sonraí Custaim an Aontais maidir le hidirbhearta a bhaineann le hearraí a dhíoltar le tomhaltóirí san Aontas agus a sheoltar ó thríú críoch nó ó thríú tír.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a mhéid a bhaineann le cóireáil taraife shimplithe a thabhairt isteach le haghaidh ciandíolacháin earraí agus Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 a mhéid a bhaineann leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chustaim a dhíchur

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach, De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Déantar foráil i gCaibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle¹ maidir le faoiseamh ó dhleachtanna allmhairiúcháin ar earraí a sheoltar go díreach ó thríú tír chuig coinsíní san Aontas i gcoinsíneachtaí nach mó ná EUR 150 an luach intreach iomlán atá orthu. Go dtí an 1 Iúil 2021, bhí an CBL ar allmhairí díolmhaithe freisin maidir le hearraí a allmhairiú nár mhó a luach ná EUR 22. Mar gheall ar an méadú ar mhéid na n-allmhairí ar luach íseal tar éis fhás pléascach na ríomhthráchtála agus na n-éascuithe a bhaineann léi, ba dhúshlán do na húdaráis custaim comhlíonadh ceanglas fíoscach agus neamhfhíoscach a fhorfheidhmiú. Dá bhrí sin, le Treoir (AE) 2017/2455 ón gComhairle² cuireadh deireadh leis an díolúine ó CBL ar allmhairí le haghaidh na n-earraí íseal-luacha sin chun ioncam cánach na mBallstát a chosaint, chun cothrom iomaíochta a chruthú do na gnólachtaí lena mbaineann agus chun an t-ualach atá orthu a íoslaghdú.
- (2) An tráth céanna, coinníodh ar bun an faoiseamh ó dhleacht chustaim le haghaidh earraí ar lú ná EUR 150 an luach atá orthu, rud a d'fhág go raibh an deis ann mí-úsáid chórasach a bhaint as an tairseach sin trí choinsíneachtaí a thearcluacháil agus scoilteadh go saorga.
- (3) I dtimpeallacht chustaim dhigitithe ina bhfuil sonraí leictreonacha ar fáil le haghaidh na n-earraí allmhairithe uile gan beann ar a luach, níl údar a thuilleadh le faoiseamh ó dhleacht a choimeád ar faoiseamh é a tugadh isteach chun an t-ualach riaracháin díréireach ar údaráis chustaim, ar ghnólachtaí ná ar dhaoine príobháideacha a chosc. Mar sin féin, i bhfianaise mhéideanna suntasacha na n-allmhairí íseal-luacha, tá sé riachtanach anois leasanna airgeadais an Aontais agus a Bhallstát a chosaint.
- (4) Is gá, dá bhrí sin, an tairseach a scriosadh ó Chaibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009, faoina ndíolmhaítear earraí ar luach diomaibhseach nach mó ná EUR 150 in aghaidh na coinsíneachta iad ó dhleachtanna custaim tráth an allmhairithe.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear Córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim (IO L 324, 10.12.2009, lch. 23).

² Treoir (AE) 2017/2455 ón gComhairle an 5 Nollaig 2017 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE agus Treoir 2009/132/CE a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí cánach breisluacha áirithe maidir le soláthairtí seirbhísí agus ciandíolachán earraí (IO L 348, 29.12.2017, lch. 7).

- (5) Mar sin féin, is cúram casta é an dleacht is infheidhme a ríomh bunaithe ar aicmiú taraife, ar luach custaim agus ar thionscnamh na n-earraí. Is minic a bheadh ualach riaracháin díréireach ar chustaim agus ar ghnólachtaí mar thoradh ar an modh sin a chur i bhfeidhm sa ríomhthráchtáil. Chun é sin a sheachaint, is gá an deis a thabhairt d'idirghabhálaithe ríomhthráchtála cóireáil taraife shimplithe a chur i bhfeidhm bunaithe ar chóras buicéadaithe cúig leibheál, i gcás ina mbaineann gach ceann de na buicéid le ráta dleachta difriúil i ndáil le hearraí a dhíoltar leis an tomhaltóir deiridh. Maidir le hearraí lena ngabhann ráta dleachta 0 % *erga omnes* faoi láthair, leanfar de thairbhe a bhaint as dleachtanna nialasacha ina leith.
- (6) Ba cheart na rátaí dleachta coinbhinsiúnta atá ann cheana a bheith mar thagairt sa chóras buicéadaithe agus níor cheart stádas tionscnaimh na n-earraí a chur san áireamh. Mar sin féin, más mian leis na hallmhairí na rátaí dleachta uathrialaitheacha coinbhinsiúnta nó níos ísle is infheidhme a chur i bhfeidhm nó má bhaineann siad tairbhe as rátaí fabhracha taraife trí stádas tionscnaimh na n-earraí a chruthú, is féidir leo é sin a dhéanamh trí na nósanna imeachta caighdeánacha a chur i bhfeidhm, ós rud é go bhfuil úsáid na cóireála taraife simplithe roghnach.
- (7) Earraí atá faoi réir dleachtanna máil comhchuibhithe agus earraí atá faoi réir bearta frithdhumpála, frith-fhóirdheontais agus cosanta, ba cheart iad a eisiadh ón gcóireáil taraife shimplithe le haghaidh ciandíolacháin earraí allmhairithe ó thríú tíortha. Thairis sin, eisiatar earraí atá i gCaibidlí 73, 98 agus 99 den Ainmníocht Chomhcheangailte freisin toisc, maidir le hallmhairí na n-earraí sin (táirgí iarainn agus cruach, ghléasraí iomlána tionsclaíocha agus earraí arna n-allmhairiú nó arna n-onnmhairiú faoi chúinsí speisialta faoi seach), nár cheart go mbainfeadh siad tairbhe as aon simpliú mar gheall ar a gcineál.
- (8) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a chomhlíonadh, go háirithe feidhmiú rianúil an aontais custaim agus an mhargaidh aonair. Áirithítear comhréireacht ós rud é go gcuireann an tionscnamh seo deireadh leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chun coinsíneachtaí íseal-luacha a allmhairiú isteach san Aontas agus go gcuireann sé cur chuige níos éifeachtaí agus níos simplí chun cinn maidir le dleachtanna custaim a bhailiú i ndáil le hearraí a allmhairítear faoi chiandíolacháin.
- (9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 agus Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle mar a leanas:

- (1) in Airteagal 1, cuirtear isteach na míreanna 4 agus 5 seo a leanas:

‘4. De mhaolú ar mhír 3, arna iarraidh sin don allmhairí, muirearófar dleacht chustaim ar allmhairí earraí a gcáilíonn a soláthar mar chiandíolachán earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha de réir bhrí Airteagal 14(4), pointe (2), de Threoir 2006/112/CE, i gcomhréir leis an gcóireáil taraife shimplithe le haghaidh ciandíolacháin a leagtar amach sa tábla i gCuid a hAon, Roinn II, pointe G d’Iarscríbhinn I.

5. Ní bheidh feidhm ag an gcóireáil taraife shimplithe le haghaidh ciandíolacháin dá dtagraítear i mír 4 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) earraí dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle³;

(b) earraí ar forchuireadh bearta ina leith i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1036⁴, nó Rialachán (AE) 2016/1037⁵, nó Rialachán (AE) 2015/478⁶ nó Rialachán (AE) 2015/755⁷, gan beann ar a dtionscnamh; agus

(c) aon earra a áirítear i gCaibidlí 73, 98 agus 99.

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Scriostar Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Márta 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

³ Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 058, 27.2.2020, lch. 4).

⁴ Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lgh. 21–54)

⁵ Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lgh. 55–91)

⁶ Rialachán (AE) 2015/478 an 11 Márta 2015 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhrialacha d'allmhairí a fhorchuirtear nó a d'fhéadfaí a fhorchur tar éis imscrúdú oscailte (IO L 83, 27.3.2015, lgh. 16–33)

⁷ Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lgh. 33–49)